Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Márta 2021**
**(OR. en)**

**6977/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0057(NLE)**

**PROBA 2**
**ACP 13**
**RELEX 189**
**AGRI 131**
**FORETS 15**
**WTO 65**
**DEVGEN 47**
**ENV 148**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Márta 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 112 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh ag an Aontas Eorpach sa Chomhairle Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an gComhaontú Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach, 2006 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 112 final.

---

Faoi iamh: COM(2021) 112 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.3.2021
COM(2021) 112 final

2021/0057 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh ag an Aontas Eorpach sa Chomhairle Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an gComhaontú Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach, 2006

GA

GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh ón gComhairle lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh ag an Aontas Eorpach sa Chomhairle Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach (dá ngairtear ITTC anseo feasta), i ndáil leis an síneadh atá beartaithe a chur leis an gComhaontú Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach, 2006 (dá ngairtear ITTA, 2006 nó 'an Comhaontú' anseo feasta).

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Comhaontú Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach, 2006

Tá sé mar aidhm ag ITTA, 2006 leathnú agus éagsúlú na trádála idirnáisiúnta in adhmad trópaiceach ó fhoraoisí a bhainistítear go hinbhuanaithe agus a lománaítear go dleathach a chur chun cinn agus bainistiú inbhuanaithe foraoisí a tháirgeann adhmad trópaiceach a chur chun cinn. Tá an tAontas Eorpach ina pháirtí in ITTA, 2006[1].

Ghabh ITTA, 2006 ionad ITTA, 1994, agus glacadh an chéad ITTA in 1983 (ITTA, 1983).

Tháinig ITTA, 2006 (arna ghlacadh in 2006) i bhfeidhm an 7 Nollaig 2011 ar feadh tréimhse 10 mbliana. Dá bhrí sin, rachaidh sé in éag an 6 Nollaig 2021 mura gcinneann ITTC, trí bhíthin vóta speisialta, ar shíneadh a chur leis, ar é a chaibidliú an athuair nó ar é a fhoirceannadh, de bhun Airteagal 44(1) de ITTA, 2006. Féadfar síneadh a chur le ITTA, 2006 ar feadh tréimhse thosaigh 5 bliana agus ar feadh tréimhse bhreise 3 bliana eile, de bhun Airteagal 44(2).

### 2.2. An Chomhairle Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach

De réir Airteagal 6(1) de ITTA, 2006, is é ITTC an t-údarás is airde de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach[2] (ITTO). Déanann ITTO ionadaíocht do thimpeall 80 % d'fhoraoisí trópaiceacha an domhain agus do bhreis agus 90 % den trádáil in adhmad agus i dtáirgí adhmaid. Is iad comhaltaí uile ITTO atá in ITTC. Tá dhá chatagóir ballraíochta ag ITTO: táirgeoir agus tomhaltóir. De bhun Airteagal 44(1), féadfaidh ITTC a chinneadh, trí bhíthin vóta speisialta, ar shíneadh a chur le ITTA, 2006, ar é a chaibidliú an athuair nó ar é a fhoirceannadh, agus, de bhun Airteagal 44(2), féadfar síneadh a chur leis an gComhaontú ar feadh tréimhse thosaigh 5 bliana agus ar feadh tréimhse bhreise 3 bliana. De bhun Airteagal 12(1), féachfaidh ITTC leis na cinntí uile a ghlacadh agus na moltaí uile a dhéanamh de chomhthoil. Mura féidir teacht ar chomhthoil, déanfaidh ITTC cinneadh maidir le ITTA, 2006 trí bhíthin vóta speisialta, de bhun Airteagal 44(1). De bhun Airteagal 2(8), ciallaíonn 'vóta speisialta' vóta inar gá ar a laghad dhá thrian de na vótaí a chaithfidh na comhaltaí is táirgeoirí a bheidh i láthair agus i mbun vótála, agus ar a laghad 60 % de na comhaltaí is tomhaltóirí a bheidh i láthair agus i mbun vótála, ar vótaí iad a comhairfear ar leithligh, ar choinníoll gur leath na gcomhaltaí is táirgeoirí, ar a laghad, a bheidh i láthair agus i mbun vótála, agus gur leath na gcomhaltaí is tomhaltóirí, ar a laghad, a bheidh i láthair agus i mbun vótála a chaithfidh na vótaí sin. De bhun Airteagal 7(a), féadfaidh ITTC cinntí a dhéanamh freisin gan teacht le chéile.

---

[1] 2007/648/CE: Cinneadh ón gComhairle an 26 Meán Fómhair 2007 maidir le síniú, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach, 2006 (IO L 262 9.10.2007, lgh. 6-7)

[2] Bunaíodh ITTO le ITTA, 1983

Tá 2 000 vóta san iomlán ag comhaltaí ITTC (tá 1 000 vóta ag táirgeoirí agus tomhaltóirí araon). Déantar ranníocaíochtaí bliantúla agus vótaí a dháileadh go cothrom ar an dá chácas sin. Laistigh de gach cácas, déantar dleachtanna agus vótaí na mball aonair a ríomh de réir na trádála adhmaid thrópaicigh a dhéantar agus, i gcás táirgeoirí, de réir a mhéad foraoisí trópaiceacha atá sa tír. Is é an tAontas a íocann an sciar ranníocaíochtaí measúnaithe is mó (arna íoc ag an gCoimisiún le haghaidh gach Ballstáit) le buiséad riaracháin ITTO; agus is aige a bhíonn an líon is airde vótaí (agus an líon is airde comhaltaí ar tomhaltóirí iad) agus d'fhéadfadh mionlach blocála a bheith aige i gcás vóta speisialta.

### 2.3. An síneadh atá beartaithe a chur le ITTA, 2006

Bhí fadhbanna tromchúiseacha airgeadais ag ITTO, fadhbanna a bhain le droch-infheistíochtaí cistí a rinne iarfhoireann bainistíochta na Rúnaíochta, infheistíochtaí as ar tháinig caillteanas $18 milliún le linn na tréimhse 2012-2015.

Tá téarnamh airgeadais á dhéanamh ag ITTO, más sna céimeanna tosaigh féin atá an téarnamh céanna, agus tá aghaidh á tabhairt aige ar easnamh airgeadais agus bainistíochta na dtionscadal agus na ngníomhaíochtaí agus tá tús curtha aige le hathchóiriú a dhéanamh ar a ollstruchtúr airgeadais. Beidh céim phíolótach an ollstruchtúir airgeadais nua i bhfeidhm go dtí 2022.

Trí shíneadh a chur le ITTA, 2006, tabharfar an t-am iomchuí do ITTO agus dá Chomhaltaí leanúint leis an obair maidir le hathchóiriú a dhéanamh ar ollstruchtúr airgeadais na heagraíochta agus tabharfar an t-am iomchuí do ITTO chun cobhsú go hiomlán ó thaobh an airgeadais de agus chun cinneadh a dhéanamh an mbeidh gá le hathbhreithniú suntasach a dhéanamh amach anseo ar ITTA, 2006.

## 3. An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais

Is éard atá sa ghníomh beartaithe Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais, agus é bunaithe ar Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

Is é is cuspóir don togra seo údarú ón gComhairle a lorg le haghaidh an Choimisiúin chun toiliú, thar ceann an Aontais, do shíneadh a chur le ITTA, 2006 laistigh de ITTC, nó chun vótáil i bhfabhar an tsínidh sin thar ceann an Aontais.

## 4. Bunús dlí

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

#### *4.1.1. Na prionsabail*

In Airteagal 218(9) de CFAE déantar foráil maidir le cinntí lena leagfar síos 'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.'

Áirítear ar na 'gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear orthu freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach 'a

bhféadfadh tionchar cinntitheach a bheith acu ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtas an Aontais Eorpaigh'[3].

*4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Gníomh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis atá sa ghníomh a fhéadfaidh ITTC a chinneadh a ghlacadh.

Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíontar ná ní leasaítear creat institiúideach an Chomhaontaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí nós imeachta le haghaidh an chinnidh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

*4.2.1. Na prionsabail*

An bunús dlí substainteach le haghaidh cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, eadhon an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

*4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe leis an gcomhbheartas tráchtála.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 207 CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 207 CFAE a bheith ina bhunús dlí don chinneadh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

[3] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

2021/0057 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh ag an Aontas Eorpach sa Chomhairle Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an gComhaontú Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach, 2006**

**TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,**

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207 i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach, 2006 (ITTA, 2006) thug an tAontas i gcrích é le Cinneadh 2011/731/AE ón gComhairle[4] agus tháinig sé i bhfeidhm an 7 Nollaig 2011.

(2) De bhun Airteagal 44(1) de ITTA, 2006, leanfaidh an Comhaontú d'fheidhm a bheith aige ar feadh tréimhse 10 mbliana, tar éis an dáta a thiocfaidh sé i bhfeidhm – go dtí an 6 Nollaig 2021 – mura gcinneann an Chomhairle Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach, trí bhíthin vóta speisialta i gcomhréir le hAirteagal 12, ar shíneadh a chur leis, ar é a chaibidliú an athuair nó ar é a fhoirceannadh i gcomhréir le forálacha an Airteagail sin.

(3) Féadfaidh an Chomhairle Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach – ós í an t-údarás is airde de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach (ITTO) í – de bhun Airteagal 6 de ITTA, 2006, ar comhairle í atá comhdhéanta de chomhaltaí uile ITTO – féadfaidh sí a chinneadh ar shíneadh a chur le ITTA, 2006 ar feadh dhá thréimhse, tréimhse thosaigh 5 bliana agus tréimhse bhreise 3 bliana, de bhun Airteagal 44(2).

(4) Déanfaidh an Chomhairle Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach cinneadh maidir le síneadh a chur le ITTA, 2006 ag an 57ú Seisiún dá cuid a bheidh ar siúl i mí na Samhna 2021 nó idir na seisiúin trí bhíthin próiseas chun cinneadh a dhéanamh gan teacht le chéile ag seisiún.

(5) Is chun leas an Aontais Eorpaigh é síneadh, ar feadh tréimhse thosaigh 5 bliana, a chur le ITTA, 2006 ós rud é gur sna céimeanna tosaigh de théarnamh airgeadais atá ITTO fós agus go bhfuil athchóiriú á dhéanamh aige ar a ollstruchtúr airgeadais.

(6) Ba cheart seasamh an Aontais sa Chomhairle Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach a bhunú.

---

[4] Cinneadh 2011/731/AE ón gComhairle an 8 Samhain 2011 maidir le Comhaontú Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach 2006 a thabhairt i gcrích thar ceann an Aontais Eorpaigh (IO L 294, 12.11.2011, lch. 1)

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é an seasamh a ghlacfaidh an tAontas Eorpach laistigh den Chomhairle Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach toiliú do shíneadh, ar feadh tréimhse thosaigh 5 bliana, a chur leis an gComhaontú Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach 2006 nó vótáil i bhfabhar an tsínidh sin.

*Airteagal 2*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*